| COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH | An Bhruiséil, 14 Samhain 2011 (22.11) (OR. en) |
|---|---|

**16773/11**

**DEVGEN 309**
**RELEX 1178**
**FIN 872**
**OCDE 9**
**ACP 220**
**ENV 865**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ó: | An Ardrúnaíocht |
| Dar dáta: | 14 Samhain 2011 |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16208/11 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhsheasamh ón AE maidir leis an gCeathrú Fóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach (HLF-4, Busan, 29 Samhain – 1 Nollaig 2011) |

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle an 14 Samhain 2011, ghlac sí na Conclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le**

**Comhsheasamh ón AE maidir leis an gCeathrú Fóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach (HLF-4, Busan, 29 Samhain – 1 Nollaig 2011)**

**Cuid I: Na príomhtheachtaireachtaí d'Fhóram Busan**

1. Le Fóram Busan, ba cheart go gcuirfí go mór leis an gcabhair ionas go ndéanfaí dul chun cinn maith ó thaobh na forbartha de agus ba cheart féachaint le comhdhearcadh a bhaint amach maidir le comhpháirtíocht uilechuimsitheach forbartha. Thairis sin, ba cheart iarracht a dhéanamh teacht ar bhealaí ina bhféadfaí leas níos fearr a bhaint as acmhainní intíre i dtíortha comhpháirtíochta agus ar an gcaoi sin é a bheith mar chuspóir fadtéarmach go laghdófaí an spleáchas ar an gcabhair.

2. Tríd an dul chun cinn atá déanta a chur i gcomparáid leis na gealltanais a tugadh, trí thosaíochtaí a leagan amach i ndáil le clár oibre éifeachtacht na cabhrach agus na forbartha agus trí na dúshláin agus na comhpháirtíochtaí nua forbartha domhanda a chur san áireamh, feabhsóidh Fóram Busan cáilíocht na cabhrach agus tionchar mhaoiniú na forbartha ó na foinsí maoinithe uile. Is é atá mar chuspóir foriomlán Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach níos luaithe agus cuidiú leis an ollstruchtúr forbartha a bhunú ón mbliain 2015 ar aghaidh.

3. Toisc cúinsí ar fud an domhain a bheith ag síorathrú, formhuiníonn an Chomhairle na tosaíochtaí seo a leanas don AE agus dá chuid Ballstát (dá ngairfear an AE anseo feasta) san idirbheartaíocht a bheidh ar siúl maidir leis an doiciméad deiridh:

3.1 Go mbeifí uilechuimsitheach agus dá réir sin go mbunófaí naisc idir ghníomhaithe éagsúla na forbartha, go háirithe idir gheilleagair atá ag teacht chun cinn, agus iad ag iarraidh torthaí fónta a bhaint amach san fhorbairt agus tionchar fadtéarmach a bheith acu. Agus é mar aidhm anseo teagmháil a dhéanamh leis na comhpháirtithe forbartha ábhartha go léir agus cur leis an gcomhar, ba cheart éifeachtacht na forbartha a threisiú agus ba cheart, ag an am céanna, a áirithiú nach laghdófaí uaillmhian chlár oibre éifeachtacht na cabhrach.

3.2 Go dtiocfaí ar chomhaontú maidir le doiciméad deiridh amháin lena ndearbhófaí an athuair na prionsabail maidir le héifeachtacht na cabhrach trí dhíriú ar na príomhghealltanais a tugadh i nDearbhú na Róimhe maidir le Comhchuibhiú, i nDearbhú Pháras maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach agus i gClár Gníomhaíochta Accra, agus trí chur leis na príomhghealltanais sin.

3.3 Go mbeadh gealltanais dírithe ar thorthaí agus ar chuntasacht, ar úinéireacht, ar thrédhearcacht agus ar laghdú san ilroinnt, agus go gcuirfí leis na gealltanais ina leith sin. Is ábhair tosaíochtaí freisin iad an intuarthacht, an t-ailíniú agus forbairt na hacmhainneachta. Lena chois sin, ba cheart aghaidh a thabhairt, sa doiciméad deiridh, ar rioscaí agus ar chomhbhainistiú rioscaí lena n-áirítear rioscaí a shainaithint agus a mhaolú i gcomhpháirt.

3.4 Go rachfaí i dteagmháil níos mó leis na parlaimintí, leis na húdaráis áitiúla, leis na comhlachtaí maoirseachta, leis an tsochaí shibhialta agus leis na meáin neamhspleácha mar gheallsealbhóirí tábhachtacha san fhorbairt agus i ndáil le daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn.

3.5 Go gcuirfí i gcion ar an earnáil phríobháideach plé le héifeachtacht na cabhrach agus na forbartha d'fhonn an nuálaíocht a thabhairt chun cinn, d'fhonn ioncam agus poist a chruthú, d'fhonn leas a bhaint as acmhainní intíre agus d'fhonn sásraí nuálacha airgeadais a fhorbairt tuilleadh.

3.6 Go nglacfaí cur chuige nua i gcásanna leochaileacha agus i gcás coimhlintí, ar cur chuige é a thacódh, ar bhealach éifeachtach, leis na spriocanna a aontaíodh go comhpháirteach ar leibhéal na dtíortha comhpháirtíochta i dtaobh chothú na síochána agus an stáit.

3.7 Go dtabharfaí tús áite don chur chun feidhme, agus go dtreiseofaí é go mór, ar an leibhéal náisiúnta faoi stiúir na dtíortha comhpháirtíochta agus go mbeadh solúbthacht i gceist ionas go bhféadfaí tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta agus cúinsí áitiúla a chur san áireamh agus ionas go bhféadfadh raon leathan de chomhpháirtithe forbartha a bheith rannpháirteach ann.

3.8 Go ndéanfaí an struchtúr domhanda rialachais agus an faireachán a laghdú agus a athchóiriú, agus go mbainfí leas as na sásraí agus as na fóraim atá ann cheana chun coinneáil le clár oibre éifeachtacht na cabhrach agus na forbartha.

4. Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh na comhpháirtithe forbartha ábhartha go léir na gealltanais a aontófar ag Fóram Busan chun feidhme, ar comhpháirtithe iad lena n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn an comhar Theas-Theas, na geilleagair atá ag teacht chun cinn, na heagraíochtaí iltaobhacha, an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta, na fondúireachtaí príobháideacha neamhbhrabúis.

**Cuid II: An obair a bheidh le déanamh ag an Aontas Eorpach**

5. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir go bhfuil ag éirí os cionn an mheáin leis an AE[1] na gealltanais a tugadh i nDearbhú Pháras agus i gClár Gníomhaíochta Accra a chur chun feidhme. Cé gur ábhar misnigh é an dul chun cinn seo, níl sé sásúil.

6. Ag cuimhneamh di air sin, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann na gealltanais sin a fhócasú agus cur leo ionas go mbeidh toradh nithiúil inbhuanaithe orthu. Chuige sin, ní mór tacaíocht méadaithe a thabhairt, ar bhonn polaitiúil, do chlár oibre éifeachtacht na cabhrach agus na forbartha agus do chur chuige cuimsitheach a shaothrú.

7. Ionas gur féidir cur níos mó leis na gealltanais maidir le héifeachtacht na cabhrach agus ionas go dtreiseofar éifeachtacht na forbartha, cuirfidh an AE agus na Ballstáit na tionscnaimh shonracha seo a leanas chun cinn agus tacóidh siad leo d'fhonn:

   a. Ráthaíocht Trédhearcachta an AE a bhunú chun cur leis an gcuntasacht agus leis an intuarthacht, chun úinéireacht dhaonlathach a neartú agus chun dul chun cinn níos fearr a dhéanamh ó thaobh na forbartha.

   b. Comhphleanáil a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, chun ilroinnt cabhrach a laghdú agus chun comhchuibheas a chur chun cinn.

   c. Feabhas a chur ar sheachadadh, ar chuntasacht, ar thomhas agus ar léiriú torthaí inbhuanaithe.

   d. Gealltanas a thabhairt maidir le cur chuige nua i gcás coimhlinte agus leochaileachta.

   e. Cur le rannpháirtíocht na hearnála Poiblí-Príobháidí ionas go mbeadh tionchar aici ar an bhforbairt.

8. Cuirfear tuilleadh nirt le héifeachtacht na cabhrach agus na forbartha i gcomhthéacs bheartas forbartha an AE agus i gcomhthéacs na n-ionstraimí airgeadais a bheidh ann amach anseo[2].

[1] Bhí na tíortha AE a leanas rannpháirteach, in éineacht leis an gCoimisiún, i Suirbhé Faireacháin Pháras: An Ostair, An Bheilg, An Danmhairg, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, Éire, An Iodáil, Lucsamburg, An Ísiltír, An Phortaingéil, An Spáinn, An tSualainn, An Ríocht Aontaithe.

[2] Tagraítear don bheartas forbartha agus do na hionstraimí airgeadais atá faoi bhuiséad an AE nó atá á mbainistiú ag an gCoimisiún Eorpach.

**Cuid III:Gnéithe mionsonraithe de Chomhsheasamh an AE**

**I. Torthaí measctha, dul chun cinn mírialta, éachtaí agus deiseanna**

9. Tá aird mar is cuí tugtha ag an AE ar fhionnachtana an tSuirbhé Neamhspleáigh um Meastóireacht agus um Fhaireachán de chuid Dhearbhú Pháras agus ar fhionnachtana an tSuirbhé Faireacháin ar Phrionsabail na Stát Leochaileach. Ba cheart na tosaíochtaí a bheidh ann amach anseo a bhunú ar na fionnachtana sin.

10. Cruthaithear leis an bhfianaise gurb é úinéireacht tíre an prionsabal is mó a ndeachthas chun cinn as na cúig phrionsabal maidir le héifeachtacht na cabhrach. Rinneadh dul chun cinn mírialta maidir le hailíniú agus le comhchuibhiú, agus níl aon ardú tagtha ar an úsáid atá á baint as córais na dtíortha comhpháirtíochta ainneoin an feabhas a cuireadh ar na córais sin. Rinneadh an dul chun cinn ba lú maidir le bainistiú a dhéanamh ar an dul chun cinn ó thaobh na forbartha de agus ar an gcuntasacht chomhpháirteach. Is ar mhalairt treo fiú atá an claonadh maidir le hintuarthacht na cabhrach i gcomparáid le 2005. Níl dul chun cinn maith á dhéanamh, ar an iomlán, ó is rud é nár baineadh amach ach an t-aon sprioc amháin as 13 ar fud an domhain: comhar teicniúil comhordaithe.

11. De réir Suirbhé Dhearbhú Pháras, tá ag éirí go maith leis an AE maidir leis na gealltanais a tugadh i nDearbhú Pháras agus i gClár Gníomhaíochta Accra i gcás comhchomhair theicniúil agus i gcás leas a bhaint as córais na dtíortha chun airgeadas poiblí a bhainistiú agus chun soláthair. Níor éirigh chomh maith céanna leis an AE maidir leis an ailíniú, leis an intuarthacht ná le leas a bhaint as cur chuige clár-bhunaithe. Is dúshláin dúinn i gcónaí iad ilroinnt agus leathadh na cabhrach, ar tháinig ardú orthu ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal domhanda araon idir 2005 agus 2009, agus is dúshlán dúinn freisin é an trédhearcacht.

12. Ar an iomlán, feidhmíonn an AE os cionn an mheáin dhomhanda i ndáil le bronntóirí maidir leis na spriocanna a bhaineann le Dearbhú Pháras. Mar sin féin, léirítear san fhianaise go bhfuil an dul chun cinn a rinneadh san AE éagothrom agus go bhfuil níos mó oibre le déanamh amach anseo chun maoiniú na cabhrach agus na forbartha eile a dhéanamh níos éifeachtaí. Agus an méid sin á mheabhrú di, fearann an Chomhairle fáilte roimh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le togra le haghaidh comhsheasaimh ón AE i bhFóram Busan.[3]

[3] Togra le haghaidh Comhsheasamh ón AE i ndáil leis an gCeathrú Fóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach, Busan. Teachtaireacht ón gCoimisiún, an Bhruiséil, 7.9.2011 COM(2011) 541 deireanach. (13927/11)

## II. Éifeachtacht cabhrach a fheabhsú chun torthaí na forbartha a bhaint amach

**Úinéireacht**

13. Leagann an AE béim ar cé chomh bunriachtanach is atá úinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta i dtreo is go mbeadh torthaí inbhuanaithe na forbartha á mbaint amach maidir le cabhair agus aithníonn sé an dul chun cinn atá déanta ag a lán tíortha comhpháirtíochta. Ba cheart tagairt chórasach a dhéanamh d'úinéireacht dhaonlathach ina bhfuil freagracht ar thíortha comhpháirtíochta do thimpeallacht chumasúcháin i dtreo is go mbeadh an tsochaí shibhialta agus chomhairliúcháin ilgheallsealbhóra in ann teacht ar chomhdhearcadh maidir le forbairt. Tá sé ríthábhachtach go neartófar ról na bparlaimintí, na n-údarás áitiúil, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na n-institiúidí náisiúnta iniúchóireachta agus na meán sa chomhthéacs sin.

14. Tá rannpháirtíocht na mban agus rannpháirtíocht eagraíochtaí na mban bunriachtanach chomh maith le bearta chun comhionannas inscne a chur chun cinn chun forbairt chothrom agus éifeachtach a bhaint amach.

15. Ba cheart go dtabharfaí aghaidh le húinéireacht dhaonlathach ar fhorbairt acmhainneachta agus ar chórais neartaithe na dtíortha, lena n-áirítear acmhainní institiúideacha agus acmhainní daonna chomh maith le hinstitiúidí éifeachtacha, a dhéanann cearta an duine, dea-rialachas agus smacht reachta a urramú. Ba cheart do bhronntóirí a dtacaíocht d'fhorbairt acmhainneachta a chur ar fáil de réir tosaíochtaí áitiúla, éilimh agus comhthéacs. Iarrann an AE ar thíortha comhpháirtíochta agus ar chomhpháirtithe na forbartha an bhéim ar choinníollacht chomhchuibhithe agus ar choinníollacht atá bunaithe ar thorthaí a mhéadú.

16. Ba cheart go mbeadh comhfhreagracht ar thíortha comhpháirtíochta agus ar chomhpháirtithe na forbartha sa chomhrac i gcoinne éillithe agus maidir le bainistiú riosca.

**Torthaí agus Cuntasacht**

17. Tá sé mar phríomhchuspóir ag clár oibre éifeachtacht na cabhrach torthaí forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Cuireann an AE in iúl go láidir, cé gur deimhníodh le Dearbhú Páras agus le Clár Gníomhaíochta Accra an tábhacht a bhaineann le cabhair a bhainistiú chun torthaí a bhaint amach, gur cheart go mbeadh an cumas chun torthaí inbhuanaithe a sheachadadh, a thomhas, a léiriú agus a mhíniú, i lár an aonaigh i bhFóram Busan. Dá bharr sin, ba cheart comhghealltanais chomhfhreagracha oibríochtúla agus fhollasacha a chomhtháthú i gcreataí torthaí na dtíortha. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh an brú chun torthaí a chur i gcrích isteach ar an bpróiseas níos fadtéarmaí a bhaineann le cumais na dtíortha comhpháirtíochta a fhorbairt chun torthaí forbartha inbhuanaithe a phleanáil, a sheachadadh, a thomhas, a léiriú agus a mhíniú.

18. Ba cheart do thíortha comhpháirtíochta agus do chomhpháirtíochtaí i bhforbairt gealltanas a thabhairt maidir le comhchreataí torthaí lena mbaineann líon inláimhseáilte táscairí torthaí forbartha ag leibhéal tíre bunaithe ar straitéisí náisiúnta forbartha agus pleananna earnála na dtíortha comhpháirtíochta. Ba cheart go dtiocfadh tíortha comhpháirtíochta agus comhpháirtíochtaí i bhforbairt ar chomhaontú maidir le comhmheasúnú agus creataí chomhbhainistiú rioscaí lena n-áirítear cabhair agus táscairí éifeachtachta forbartha chun feidhmíocht a mheas agus chun rioscaí a shainaithint.

19. Ba cheart go ndíreodh clár oibre éifeachtacht na cabhrach freisin ar chuntasacht a fheabhsú le haghaidh torthaí na forbartha trí chuntasacht faoi stiúir tíortha agus trí shásraí trédhearcachta a neartú agus a úsáid ina n-iomláine. Ba cheart go ndíreodh gníomhaíochtaí tosaíochta ar phríomhinstitiúidí agus ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair a neartú, lena n-áirítear chun cumais staidrimh a fhorbairt (lena n-áirítear trí thionscnamh Pháras21[4]) agus trí chumais mhonatóireachta agus mheasúnaithe na dtíortha comhpháirtíochta a neartú chun torthaí agus tionchar na forbartha a rianú, chomh maith leis an gcumas chun an rialtas a choimeád cuntasach as a ghníomhaíochtaí. Áirítear leis sin go n-áiritheofaí go mbeadh sásraí poiblí bainistithe airgeadais agus córais chun caiteachas a rianú ag freagairt don inscne agus go mbaileofaí agus go n-úsáidfí na sonraí atá á ndíchomhiomlánú de réir inscne. Creideann an AE gur cheart go mbeadh measúnuithe na mbronntóirí maidir le torthaí bunaithe ar thuarascálacha na dtíortha comhpháirtíochta i ndáil le torthaí, a mhéid is féidir.

20. Cuireann an AE in iúl go láidir gur cheart go mbeadh torthaí agus creataí comhchuntasachta faoi stiúir tíortha comhpháirtíochta, go n-úsáidfí iad go huilíoch chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo torthaí na forbartha a bhaint amach agus go n-úsáidfí iad chomh maith chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na mbronntóirí agus go saincheapfaí iad maidir le comhthéacsanna sonracha. Ba cheart go neartódh tíortha comhpháirtíochta agus bronntóirí cinnteoireacht le haghaidh forbartha a bheadh bunaithe ar thorthaí. Ba cheart go bhforbrófaí na creataí seo ar bhealach a bheadh trédhearcach agus ar bhealach a bheadh cuimsitheach maidir leis an tsochaí shibhialta agus le gníomhaithe ábhartha eile.

---

[4] An Chomhpháirtíocht i Staidrimh maidir le Forbairt sa 21ú Céad (PÁRAS21) http://www.paris21.org

**Trédhearcacht agus Intuarthacht**

21. Ba cheart go mbeadh athdheimhniú ghealltanais Accra maidir le trédhearcacht ó gach comhpháirtí na forbartha sa doiciméad faoin toradh a bheidh ar Fhóram Busan, lena n-áirítear bronntóirí neamh-DAC, chun faisnéis rialta, mhionsonraithe agus thráthúil maidir le gealltanais, le híocaíochtaí amach, le leithdháileadh, le coinníollacha agus le torthaí a nochtadh go poiblí.

22. Ba cheart go mbeadh gealltanas i ndoiciméad deiridh Fhóram Busan an fhaisnéis tháscach ar fad is sonrach do thíortha áirithe maidir leis an ngnás um Réamh-Chaiteachas an ECFE (An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta)/an DAC[5], agus faisnéis níos mionsonraithe a chur leis ar leibhéal na hearnála.

23. Ba cheart do thíortha comhpháirtíochta gabháil mar chúram orthu féin bheith trédhearcach maidir le hacmhainní na forbartha atá ar fáil lena n-áirítear buiséid náisiúnta, caiteachas agus tuarascálacha iniúchóireachta a fhoilsiú.

24. Maidir leis an doiciméad deiridh, ba cheart go spreagfaí bronntóirí freisin chun aghaidh a thabhairt ar shrianta chun buiséadú ilbhliantúil maidir le comhar um fhorbairt a cheadú agus an tábhacht a aithint a bhaineann le caighdeáin dhomhanda chomhlántacha um thuairisciú agus um fhoilsiú a bhunú a bheadh bunaithe ar chaighdeán an DAC CRS++ (i.e. Córas Tuairiscithe Creidmheasaí an DAC lena choincheapa, lena shainmhínithe agus lena aicmithe), agus an Tionscnamh Trédhearcachta maidir le Cabhair Idirnáisiúnta, faoi seach. Is í an aidhm ar cheart a bheith ann cuimsitheacht, inbhainistitheacht agus cur chun feidhme a bhaint amach faoi Nollaig 2015. Sa chomhthéacs sin, tugann an AE spreagadh don DAC bheith mar mhol idirnáisiúnta trédhearcachta.

---

5 Maidir leis na Stáit sin nach bhfuil ina gcomhaltaí go fóill den ECFE/DAC, cuirfear sin chun feidhme agus na céimeanna is gá á gcur san áireamh chun tuairisciú den sórt sin a chumasú chomh maith le faisnéis réamhbhreathnaitheach maidir le leithdháileadh cabhrach a chur ar fáil. Agus an fhaisnéis maidir le méid agus leithdháileadh a gcabhrach a thuairisciú agus a nochtadh go poiblí, déanfaidh na stáit sin a seacht ndícheall na modheolaíochtaí faoi seach a leagtar amach ag an ECFE/DAC a leanúint.

25. Trédhearcacht níos mó a chur chun cinn mar phríomhthosaíocht in institiúidí iltaobhacha na forbartha, lena n-áirítear córas na NA agus na bainc forbartha, chomh maith leis na comhpháirtithe eile atá á gcistiú ag an AE.

26. Beidh an AE tiomanta do 'Ráthaíocht Trédhearcachta an AE'[6] bunaithe ar na gealltanais trédhearcachta arna nglacadh i gCreat Oibríochtúil an AE maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach[7].

**Ilroinnt laghdaithe**

27. Tá dúshláin fós i gceist le hilroinnt na cabhrach agus d'fhéadfadh claochlú níos measa teacht ar chúrsaí nuair a chuirtear líon méadaitheach agus éagsúlacht na ngníomhaithe san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh Fóram Busan ag lorg deiseanna chun aghaidh a thabhairt orthu sin, lena n-aithneofaí go bhfuil cinnteoireacht pholaitiúil bunriachtanach chun bheith rathúil. Tá sé riachtanach go n-athraíonn gach comhpháirtí na forbartha, lena n-áirítear eagraíochtaí iltaobhacha, ó straitéisí na dtíortha aonair go dtí straitéisí comhpháirtíochta comhchúnaimh atá faoi stiúir tíortha agus ina measc sin bronntóirí agus comhpháirtithe a bhfuil an toil pholaitiúil acu bheith ag obair i gcomhpháirt lena chéile.

28. Ba cheart ollstruchtúr iltaobhach na cabhrach a athchóiriú. Athdheimhníonn an AE á ghealltanas féinsmachta i ndáil le hAccra maidir le leathadh níos mó na gclár domhanda agus na gclár téamach a sheachaint nó cistiúcháin cheartingearacha a sheachaint. Ba cheart do bhronntóirí na bealaí atá ann faoi láthair a úsáid agus a neartú.

---

6 Féach Iarscríbhinn I.

7 Creat Oibríochtúil an AE maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach – Téacs comhdhlúite. (18239/10).

29. Aithníonn an AE go bhfuil cumais bhainistíochta na dtíortha comhpháirtíochta ríthábhachtach chun cabhair a chomhordú agus a bhainistiú, lena n-áirítear roinnt intíre an tsaothair agus gur cheart iad a neartú bunaithe ar éileamh. Is bealach amháin chun cinn é roinnt faisnéise agus eolais trí ardáin réigiúnacha.

30. Is féidir luach breise áirithe a bheith ag doiciméad deiridh Fhóram Busan chun roinnt trastíortha an tsaothair a chur chun cinn chomh maith le díospóireacht dhomhanda ar ardleibhéal agus aird speisialta á tabhairt do thíortha nach bhfaigheann go leor maoinithe, bunaithe ar obair anailíse an DAC maidir le hilroinnt agus maidir le pleananna réamhbhreathnaitheacha do leithdháiltí na cabhrach.

31. Ba cheart go dtosófaí leis an idirphlé polaitiúil ardleibhéil maidir leis na saincheisteanna sin a shonraítear i gClár Gníomhaíochta Accra in Busan, bunaithe ar obair an DAC maidir le hilroinnt agus pleananna réamhbhreathnaitheacha do leithdháiltí na cabhrach. Maidir le staid na dtíortha nach bhfaigheann go leor maoinithe, ba cheart go n-áireofaí leis an idirphlé sin plé ar na róil chomhlántacha atá ag bronntóirí déthaobhacha agus iltaobhacha.

32. Tá an AE tiomanta do chineálacha comhair um forbairt atá ardsolúbtha agus atá díláraithe níos mó chun cur chuige comhpháirteach agus cuimsitheach a chumasú ar leibhéal na dtíortha.

33. D'fhonn ceannaireacht a léiriú i bhFóram Busan agus ina dhiaidh sin agus mar fhreagairt ar an ilroinnt agus ar an leathadh atá méadaithe araon, feabhsóidh agus neartóidh an AE a chomhphleanáil[8] ag leibhéal na tíre faoi cheannaireacht na dtíortha comhpháirtíochta más féidir.

[8] Féach Iarscríbhinn II

**Ailíniú**

34. Deimhnítear san fhianaise, má táthar i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta na dtíortha comhpháirtíochta agus má úsáidtear a gcórais bíonn cabhair níos éifeachtaí dá bharr. Thairis sin, má táthar i gcomhréir le tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta, le pleanáil náisiúnta na dtíortha comhpháirtíochta agus le timthriallacha buiséid, tá sin tábhachtach chun tacaíocht a thabhairt d'úinéireacht agus do cheannaireacht na dtíortha comhpháirtíochta.

35. Cuireann an AE in iúl go láidir go bhfuil rialtais na dtíortha comhpháirtíochta chun cinn maidir le córais na dtíortha a neartú agus gur cheart do thíortha comhpháirtíochta agus do bhronntóirí aithint agus maolú na rioscaí a dhéanamh i gcomhpháirt lena chéile.

36. Iarrann an AE ar na comhpháirtithe uile san fhorbairt, lena n-áirítear eagraíochtaí iltaobhacha, comhpháirtithe i gcistiúchán, i gcláir agus i gcistiúchán ceartingearach an gealltanas a thugann siad faoi láthair chun ailíniú le pleananna forbartha náisiúnta a dtíortha comhpháirtíochta a athdheimhniú agus, in éineacht leis na tíortha comhpháirtíochta, feidhm a bhaint as córais na dtíortha i ndáil leis na modhanna cabhrach uile agus iad a neartú le go mbeidh na hinstitiúidí agus na beartais níos éifeachtaí. Maidir le feidhm a bhaint as córais na dtíortha, ní hamháin gurb ionann sin agus tacaíocht bhuiséadach a fháil ach nár lú é ná modhanna cabhrach eile lena n-áirítear tacaíocht tionscadal.

**Tíortha atá i Staideanna Leochaileacha agus Coimhlinte**

37. Ba cheart, sa doiciméad faoin toradh a bheidh ar Fhóram Busan, staideanna leochaileachta agus coimhlinte a léiriú mar dhúshlán domhanda i ndáil le forbairt agus i ndáil le laghdú bochtaineachta agus ba cheart a léiriú gurb iad na stáit leochaileacha na stáit is faide chun deiridh maidir le Spriocanna Forbartha na Mílaoise (MDGanna) a bhaint amach.

38. Agus prionsabail Rún 1325 agus Rún 1820 UNSCR, prionsabail na dea-dheontóireachta daonnúla (GHD), prionsabal na Stát Leochaileach agus an bhéim ar úinéireacht chuimsitheach atá i gClár Oibre Accra don Ghníomhaíocht á n-athdheimhniú, ba cheart béim a chur i ndoiciméad deiridh Fhóram Busan ar an ngá atá le gaol níos dlúithe agus níos éifeachtaí idir na réimsí beartais agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leo ar na leibhéil beartais agus oibríochtúla araon, i gcás inarb indéanta sin.

39. Leis an bhfaireachán a dhéantar ar Phrionsabail na Stát Leochaileach taispeántar, cé go mbíonn prionsabail éifeachtachta maidir le cabhair ábhartha i gcónaí i staideanna leochaileacha, gur ghá iad a chur chun feidhme ar bhonn céimnithe agus gur ghá iad a chur in oiriúint do na dúshláin ar leith a eascraíonn as, mar shampla, úinéireacht lag agus inniúlachtaí laga agus as an ngéarghá le seirbhísí bunúsacha a cur i gcrích.

40. Aithníonn an AE a thábhachtaí atá an obair a dhéantar maidir leis an Idirphlé Idirnáisiúnta ar Chothú Stáit agus ar Chothú na Síochána agus tacaíonn sé léi agus aithníonn sé ceannaireacht na stát atá faoi éifeacht na coimhlinte agus na stát leochaileach, ar a dtugtar na g7+.

41. Measann an AE gur cheart go mbeadh tagairt sa doiciméad faoin toradh a bheidh ar Fhóram Busan don Idirphlé Idirnáisiúnta ar Chothú na Síochána agus ar Chothú Stáit. Ba cheart go mbeadh tagairt fhollasach ann freisin do chúig spriocanna Threochlár Monrovia maidir le Cothú na Síochána agus Cothú Stát lena dtugtar gealltanas do bhealach nua oibrithe i staideanna coimhlinte agus leochaileachta. Ba cheart go nginfí, le comhar agus le páirtíocht idirnáisiúnta sna staideanna sin, torthaí a bheadh ailínithe le cuspóirí náisiúnta um chothú na síochána agus um cothú stát, ba cheart go mbeadh an comhar agus an pháirtíocht sin trédhearcach, mear, intuartha, solúbtha agus go dtabharfaí freagairt i gcomhthéacs leo do dhúshlán i ndáil le torthaí a bhaint amach san fhorbairt agus le laghdú bochtaineachta, ba cheart go ndéanfaí riosca a chomhbhainistiú go héifeachtach, agus inniúlachtaí náisiúnta agus úsáid chóras na dtíortha a neartú leo.

42. Iarrann an AE ar dheontóirí a gcuid nósanna imeachta cinnteoireachta, cistiúcháin agus cur chun feidhme a chur in oiriúint do na dúshláin ar leith a bhaineann le staideanna leochaileachta. Iarrann sé freisin go bhfhormhuineofaí treoir an Choiste um Chúnamh Forbartha (DAC) ar chothú stát, ar mhaoiniú eatramhach agus ar riosca a bhainistiú i staideanna leochaileachta.

43. Iarrann an AE ar na comhpháirtithe i staideanna atá faoi éifeacht na coimhlinte agus i staideanna leochaileachta an cheannaireacht pholaitiúil is gá a sholáthar chun idirphlé cuimsitheach polaitiúil, trédhearcacht agus forbairt inniúlachtaí áitiúla a áirithiú.

## III. Comhpháirtíocht don Tionchar – Clár Oibre don Éifeachtacht san Fhorbairt

44. Leis an bhfianaise atá ann, tugtar le fios go bhfuil tábhacht leis na prionsabail maidir le héifeachtacht na cabhrach ní hamháin sa raon feidhme atá acu faoi láthair ach lasmuigh de sin agus tugtar le fios freisin gur féidir leo breisluach a chur le comhpháirtíochtaí fairsinge agus le foinsí eile maoinithe forbartha.

45. Tá sé tábhachtach do na geallsealbhóirí uile a sholáthraíonn maoiniú forbartha go mbainfí amach torthaí fónta i ndáil le forbairt inbhuanaithe. Ba cheart go n-áireofaí i bhFóram Busan malartú idir na gníomhaithe éagsúla ionas go gcomhroinnfear an taithí atá acu i mbaint amach na dtorthaí. Bunaithe air sin, d'fhéadfadh sé go mbunófaí prionsabail chomhroinnte agus gealltanais dhifreálaithe leis an doiciméad faoin toradh a bheidh ar Fhóram Busan, ar gealltanais iad lena dtógfar ar na prionsabail maidir le héifeachtacht na cabhrach.

**An Ról atá ag na Geilleagair atá ag teacht chun cinn agus ag an gComhar Theas-Theas**

46. Ba cheart go ndearbhófaí le doiciméad deiridh Fhóram Busan an méadú atá ag teacht ar an gcomhar Theas-Theas don fhorbairt agus ar an gcomhar triantánach ina leith. Ba cheart go ndéanfaí iarracht sa doiciméad cur leis an tuiscint ar na buntáistí, ar an gcomhlántacht agus ar na sineirgí faoi seach atá idir comhar Theas-Theas agus Comhar Thuaidh-Theas atá bunaithe ar thrédhearcacht maidir le sreabha maoinithe a fhorbairt. Leagann an AE béim ar a thábhachtaí atá sé go saineodh na tíortha comhpháirtíochta agus na geilleagair atá ag teacht chun cinn conas a bhaineann clár oibre éifeachtacht na cabhrach agus na forbartha le comhar Theas-Theas agus conas is féidir leis an gclár oibre sin tairbhe a bhaint as na ceachtanna a fhoghlaimítear ón gcomhar Theas-Theas.

47. Ba cheart go n-aithneofaí freisin le doiciméad deiridh Fhóram Busan, go bhfuil comhar Theas-Theas, cosúil le comhar Thuaidh-Theas agus le comhar triantánach, níos leithne ná comhar airgeadais agus go n-áirítear leis freisin forbairt inniúlachtaí agus comhroinnt eolais chomh maith le béim a chur ar an ról atá ag cláir oibre réigiúnacha i ndáil le comhroinnt an eolais i dtaobh a dtaithí ar fhorbairt rathúil, ar fhorbairt inniúlachtaí agus ar chleachtais bhainistíochta. Iarrann an AE orthu siúd a sholáthraíonn comhar Theas-Theas páirt a ghlacadh i bpróisis a bheadh faoi stiúir tíortha chun cur lena éifeachtaí atá an chabhair agus an fhorbairt.

**Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta, Údaráis Áitiúla agus Fondúireachtaí Príobháideacha**

48. Ag tógáil ar thorthaí an Idirphlé Struchtúraithe, ba cheart, leis an toradh a bheidh ar Fhóram Busan, go n-athdheimhneofaí an t-aitheantas a thugtar d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta (na CSOanna) mar ghníomhaithe a fheidhmíonn as a stuaim féin, an gá atá le cur le timpeallacht rialála, dhlíthiúil, chuidiúil, don tsochaí shibhialta, agus an ról atá ag na gníomhaithe áitiúla maidir le hidirghabháil shonrach a dhéanamh chun tacú le riachtanais áitiúla.

49. Aithníonn an AE na hiarrachtaí a dhéanann eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na húdaráis áitiúla as na deontíortha agus as na tíortha comhpháirtíochta freagracht, trédhearcacht agus sláine a gcuid oibrithe a fheabhsú agus iarrann sé orthu leanúint leis na hiarrachtaí sin bunaithe ar shásraí féin-rialála amhail prionsabail CSOanna Istanbul maidir le éifeachtacht na forbartha.

50. Ba cheart iarraidh ar fhondúireachtaí príobháideacha freisin prionsabail Istanbul a chur in oiriúint chun a gcuid gníomhaíochtaí agus comhpháirtíochtaí a chur i gcomhréir. Ba cheart do na CSOanna idirnáisiúnta agus do na fondúireachtaí príobháideacha, agus iad ag feidhmiú mar dheontóirí, úinéireacht áitiúil a chur chun cinn trí aitheantas a thabhairt don ról ceannaireachta atá ag an tsochaí shibhialta i riachtanais áitiúla a shainaithint.

**An Earnáil Bhrabúis**

51. Ba cheart go gcuirfí béim le doiciméad deiridh Fhóram Busan ar a thábhachtaí atá fás uilechuimsitheach eacnamaíoch, forbairt áitiúil san earnáil phríobháideach agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha i ndáil leis na MDGanna a bhaint amach. Éileofar leis sin timpeallacht chumasúcháin d'fhorbairt san earnáil phríobháideach, forbairt inniúlachta san earnáil phríobháideach agus laistigh di a chur chun cinn, tacú le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha chomh maith le roghanna i ndáil le tiomantóir a dhéanamh den chúnamh chun infheistíocht phríobháideach a dhaingniú le haghaidh fáis a bheidh cuimsitheach agus a chuirfear i gcrích ar son na mbocht.

52. Ba cheart go n-áireofaí i ndoiciméad deiridh Fhóram Busan comhphrionsabail chomhpháirtíochta i ndáil le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, arna sainaithint i gcomhar le hionadaithe na hearnála príobháidí. Ba cheart go mbeadh an comhar méadaithe bunaithe ar na prionsabail maidir le héifeachtacht na cabhrach. Sa chomhthéacs sin iarrann an AE ar an earnáil phríobháideach ról gníomhach a ghlacadh sa chomhar um fhorbairt trí nuálaíocht chomhpháirteach a chur chun cinn mar aon le samhlacha gnó cuimsitheacha, trí chomhpháirtíochtaí idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus trí chleachtais i bhfreagracht chorparáideach i ndáil leis an tsochaí. Iarrann sé freisin ar na comhpháirtithe forbartha tuilleadh feabhais a chur ar úsáid ionstraimí nuálacha airgeadais agus cumasc deontas agus iasachtaí a chuireann le ról catalaíoch na cabhrach i dtaobh rannpháirtíocht na hearnála príobháidí agus forbairt na hearnála sin a chur chun cinn agus iarrann orthu freisin leas níos mó a bhaint na hionstraimí agus as na cumaisc sin. Cuireann an AE i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh an earnáil phríobháideach rannpháirteach go tráthrialta, ar bhonn tionscnamh atá ann cheana, más féidir, in idirphlé a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta ar an gcaoi is fearr ar féidir le comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach cur lena éifeachtaí atá an fhorbairt.

**Maoiniú Idirnáisiúnta don Athrú Aeráide**

53. I ndáil leis na prionsabail maidir le héifeachtacht na cabhrach, tacaíonn an AE lena gcur i bhfeidhm ar mhaoiniú don athrú aeráide agus cuireann sé in iúl go láidir a thábhachtaí atá tacaíocht chomhchosúil i bpróiseas Cóbanhávan-Cancún-Durban. Tá go leor ceachtanna le foghlaim as cur i bhfeidhm Phrionsabal Pháras agus Phrionsabal Accra i ndáil le héifeachtacht na forbartha maidir le hidirghabhálacha don athrú aeráide a fheabhsú agus ba cheart go gcuirfidís le sainmhíniú an chreata le haghaidh maoinithe don athrú aeráide laistigh de phróiseas Choinbhinsiún Creatlaí na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC).

54. Iarrann an AE ar an gCiste Ghlas don Aeráid prionsabal éifeachtacht na cabhrach a chur san áireamh i ndearadh agus i oibríochtaí an Chiste agus iarrann sé ar aonáin a sholáthraíonn maoiniú don aeráid teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige coiteann chun tuairisciú a dhéanamh ar mhaoiniú don aeráid mar chuid riachtanach den fhaireachán, den tuairisciú agus den fhíorú (FTF). Tríd an FTF a chur i bhfeidhm go rathúil, cuirfear feabhas ar fhreagracht, trédhearcacht, comhláine, inchomparáideacht agus ar chruinneas an mhaoinithe don aeráid.

## IV. Rialachas agus Faireachán

55. Cuireann an AE i bhfios go láidir go gcaithfear cinntí sách sonrach a ghlacadh, ag Fóram Busan, maidir le rialachas ar éifeachtacht na cabhrach ionas go seachnófaí plé fadálach i ndiaidh an Fhóraim.

56. Ba cheart gurb é a bheadh mar phrionsabail dhosháraithe cur i bhfeidhm náisiúnta, faoi stiúir na gcomhpháirtithe, a threisiú, feabhas a chur ar thacaíocht pholaitiúil don chur i bhfeidhm agus faireachán domhanda agus struchtúir rialála a athchóiriú.

57. Ba cheart go n-áireofaí comhpháirtithe éagsúla forbartha leis an rialachas maidir le héifeachtacht na cabhrach agus go nascfaí cur chun feidhme ar leibhéal na dtíortha le hiarrachtaí domhanda. Ní thacaíonn an AE, áfach, le bunú struchtúr rialachais nua domhanda. Ba cheart na struchtúir atá ann cheana a úsáid mar fhóraim chun cur i bhfeidhm éifeachtacht na cabhrach a phlé agus chun comhpháirtíochtaí leathana forbartha a threisiú, go háirithe struchtúir na Náisiún Aontaithe (NA), An Bhainc Dhomhanda/an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (WB/IMF), na struchtúir réigiúnacha, agus struchtúir G20 agus DAC. Ba cheart a áirithiú go mbeadh an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach rannpháirteach san obair sin.

58. Leagann an AE béim ar an ngá atá ann le tús áite a thabhairt do chur chun feidhme a bheidh faoi stiúir comhpháirtithe agus leis an gcur chun feidhme sin a neartú ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta a neartú trí 'chomhshocruithe tíre' a bheidh faoi stiúir tíortha comhpháirtíochta, ar comhshocruithe iad ina gcomhaontaíonn tíortha comhpháirtíochta ar thosaíochtaí agus spriocanna Fhóram Busan arna n-oiriúnú go háitiúil lena gcomhpháirtithe forbartha – lasmuigh de na bronntóirí DAC – bunaithe ar phleananna forbartha atá ann cheana féin agus ar chomhairliúchán ilgheallsealbhóra agus na sásraí áitiúla atá ann cheana féin le haghaidh faireacháin agus comhchuntasachta á n-úsáid. Ba cheart 'comhshocruithe tíre' a choinneáil lom agus simplí gan sraith bhreise maorlathais a chruthú.

59. Aon ról a thabharfar, tar éis Fhóram Busan, don Meitheal um Éifeachtacht na Cabhrach (WP-EFF) a bhfuil ECFE (An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta)/DAC ina óstach uirthi, ba cheart an ról sin a athchóiriú, gan ach feidhmeanna lárnacha a thabhairt di agus ba cheart deireadh a chur leis na braislí atá aici faoi láthair. Níor cheart féachaint ar bhunchlocha Busan mar bhunús do struchtúr nua braislithe. Ba cheart a chur de chúram ar an WP-EFF cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta a éascú agus faireachán domhanda a chur i gcrích in éineacht le DAC. Ba cheart don Mheitheal um Éifeachtacht na Cabhrach (WP-EFF) agus do DAC sreabhadh na faisnéise idir an leibhéal náisiúnta agus fóraim dhomhanda ábhartha beartais um fhorbairt a éascú freisin.

60. Ba cheart go ndíreodh Fóram Comhair um Fhorbairt na NA ar chomhchuntasacht idirnáisiúnta a neartú ar an leibhéal domhanda.

61. Níor cheart táscairí domhanda nua a fhorbairt faoi láthair. Ba cheart go ndíreofaí ar chur chun feidhme agus ar fhaireachán ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart táscairí domhanda a fhorbairt i gceangal leis an obair iar-MDG i leith beartais um fhorbairt.

62. Ba cheart tabhairt faoin gcéad fhreachnamh monatóireachta eile faoi réir sprioclíne 2015 maidir le Sprioc Forbartha na Mílaoise (SFM) Ba cheart go léireofaí le táscairí Pháras an clár oibre atá faoi stiúir tíre agus atá dírithe mar aon leis an tábhacht a chuirtear ar dhul chun cinn fadtéarmach a thomhas go leantach agus úsáid á baint as bonnlínte iomchuí. Ba cheart foinsí eile fianaise a úsáid a héifeachtaí is féidir chun súil a choimeád ar na torthaí agus ar thionchar na cabhrach. Ba cheart go mbeadh faireachán ar an leibhéal náisiúnta bunaithe, mar sin, ar shásraí áitiúla atá ann cheana féin. Ba cheart ceachtanna cineálacha a scagadh ar an leibhéal domhanda tríd an Meitheal um Éifeachtacht na Cabhrach (WP-EFF) agus DAC.

## Na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhsheasamh ón AE don Cheathrú Fóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach

### Ráthaíocht Trédhearcachta an Aontais Eorpaigh

Is dlúthchuid d'éifeachtacht na cabhrach í an trédhearcacht. I gClár Oibre Accra don Ghníomhaíocht, chomhaontaigh bronntóirí agus tíortha comhpháirtíochta faisnéis a sholáthar i dtaca le sreabha na cabhrach atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ar faisnéis í a bheadh tráthúil agus mionsonraithe d'fhonn buiséad, cuntasaíocht agus iniúchóireacht níos cruinne a chumasú. Mar sin, tá bearta á ndéanamh ag an Aontas Eorpach agus ag a Bhallstáit (ar a ngairfear an AE anseo feasta) chun cur leis an méid faisnéise a sholáthraítear maidir leis an gcabhair i gcórais agus i bpróisis náisiúnta mar phríomhthosaíocht.

D'fhonn go gcuirfear le trédhearcacht na cabhrach, déanfaidh an AE an méid a leanas:

- Faisnéis i dtaca le méid agus leithdháileadh na cabhrach a nochtadh go poiblí, lena n-áiritheofar go mbeidh sonraí inchomparáide ar bhonn idirnáisiúnta agus nach mbeidh deacrachtaí ann maidir le rochtain a fháil orthu, lena roinnt ná lena bhfoilsiú.

- Faisnéis réamhbhreathnaitheach tháscach a chur ar fáil do gheallsealbhóirí go léir i ndáil le caiteachas forbartha ar an leibhéal náisiúnta ar bhonn bliantúil.

- Faisnéis imdhealaithe maidir le gach sreabh cabhrach ábhartha a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta ionas go mbeidh na tíortha comhpháirtíochta sin in ann iad a thuairisciú ina ndoiciméid náisiúnta buiséid agus an trédhearcacht i dtreo parlaimintí, na sochaí sibhialta agus saoránach a éascú sa chaoi sin.

Déanfaidh an AE trédhearcacht níos fearr, ó thaobh na cabhrach de, a chur chun cinn freisin ar an leibhéal idirnáisiúnta agus

- Cumas neartaithe ECFE/DAC i staidreamh agus in anailís ar shreabha domhanda na cabhrach a chur ar aghaidh lena gcuirfear ar chumas DAC bheith mar mhol idirnáisiúnta trédhearcachta.

- Comhar méadaithe le ECFE/DAC a spreagadh ag tionscnaimh idirnáisiúnta maidir le trédhearcacht na cabhrach, lena n-áirítear an Tionscnamh Idirnáisiúnta maidir le Trédhearcacht na Cabhrach (IATI), lena ndéanfar iarracht caighdeáin dhomhanda chomhlántacha um thuairisciú agus um fhoilsiú a chomhlíonadh a bheadh bunaithe ar chaighdeán DAC CRS++ (.i. Córas leathnaithe Tuairiscithe Creidmheasaí DAC lena choincheapa, a shainmhínithe, a aicmithe agus a nósanna imeachta um fhíorú), agus an Tionscnamh Trédhearcachta maidir le Cabhair Idirnáisiúnta, faoi seach.

- Breis trédhearcachta a chur chun cinn mar phríomhthosaíocht in institiúidí iltaobhacha na forbartha, lena n-áirítear córas na NA agus na bainc forbartha, chomh maith leis na comhpháirtithe eile atá á gcistiú ag an AE.

## Na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhsheasamh ón AE don Cheathrú Fóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach

## Comhphleanáil Ilbhliantúil á neartú ag an Aontas Eorpach

### Comhthéacs

Ghlac an AE agus a Bhallstáit (ar a ngairfear an AE anseo feasta) creat le haghaidh comhphleanála agus is minic a chuir sé in iúl go bhfuil sé tiomanta do dhul chun cinn a dhéanamh i ndáil lena chúnamh seachtrach do thíortha comhpháirtíochta a chomhphleanáil[1]. Cuireadh tús le comhphleanáil (Háítí, an tSúdáin Theas) agus beartófar go ndéanfar sin i níos mó tíortha comhpháirtíochta, a shainaithneofar ar aon dul le Creat Oibríochtúil an AE maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach[2].

Is fíor an méid seo a leanas faoi chomhphleanáil ilbhliantúil:

- feabhsaítear a éifeachtaí agus a chomhleanúnaí atá cabhair an AE agus na mBallstát léi,
- méadaítear ar an tionchar agus déantar torthaí níos fearr a sheachadadh léi,
- laghdaítear ar an ilroinnt léi,
- méadaítear ar thrédhearcacht, ar intuarthacht agus ar chuntasacht léi,
- féadfaidh gach geallsealbhóir ábhartha tabhairt fúithi.

[1] Féach Conclúidí ón gComhairle 2006, 2007, 2009 agus 2010.
[2] Creat Oibríochtúil an AE maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach – Téacs comhdhlúite. 18239/10.

**Raon feidhme**

Is ionann comhphleanáil agus próiseas ina ndéanann an AE cinntí straitéiseacha bunaithe ar dhearcadh cuimsitheach i leith tacaíocht deontóirí Eorpacha agus deontóirí eile do thír comhpháirtíochta áirithe. Urramaítear le comhphleanáil cinntí ceannasacha na mBallstát e.g. i dtaca leis na tíortha comhpháirtíochta a roghnaítear agus le leibhéal na leithdháiltí airgeadais sna tíortha sin. Is mar a leanas bunghnéithe na comhphleanála:

- anailís chomhpháirteach ar an straitéis náisiúnta forbartha i dtír chomhpháirtíochta agus freagairt chomhpháirteach don straitéis sin lena n-aithnítear earnálacha tosaíochta le haghaidh idirghabhála,
- roinnt intíre an tsaothair: cé a oibríonn sna hearnálacha éagsúla,
- leithdháileadh táscach airgeadais in aghaidh na hearnála agus an bhronntóra.

Ní chuimsítear pleananna déthaobhacha cur chun feidhme, mar sin, le comhphleanáil. Cuireann sí ar chumas an AE agus na mBallstát a straitéisí tíre aonair a úsáid ina n-ionaid sin.

**Prionsabail**

- Bíonn comhphleanáil faoi stiúir na tíre comhpháirtíochta más féidir, í bunaithe ar an straitéis náisiúnta forbartha atá ag tír chomhpháirtíochta agus tá sí ailínithe le timthriallta straitéise agus clárphleanála na tíre comhpháirtíochta.
- Coinnítear comhphleanáil simplí agus pragmatach agus is ar leibhéal na tíre comhpháirtíochta a dhéantar í d'fhonn freagairt do riachtanais shainiúla agus do chúinsí ar an talamh.

- Trí rannpháirtíocht na mBallstát go léir atá i láthair i dtír chomhpháirtíochta áirithe treisítear comhleanúnachas ghníomhaíocht an AE. Iarrtar ar na Ballstáit eile go léir cuidiú chun críche comhghníomhaíocht sheachtrach an AE a neartú. Ba cheart go gcuirfí le buntáistí comparáideacha bhronntóirí uile an AE le comhphleanáil.
- Coimeádfaidh an AE comhphleanáil solúbtha agus seachnóidh siad próisis chomhthreomhara ina bhfuil, mar shampla, straitéisí atá ann do na bronntóirí ar fad nó ina bhfuil na straitéisí sin á bhforbairt. Cé nach próiseas an AE amháin atá i gceist le comhphleanáil, beidh an AE ar thús cadhnaíochta maidir léi.